



An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2018
(OR. en)**

EUCO XT 20006/18

**BXT 51
CO EUR 12
CONCL 4**

NÓTA

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Cruinniú den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (29 Meitheamh 2018)
– Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí¹, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach (Airt. 50) ag an gcruiinniú thusa.

¹ Tar éis fógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí nó i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. I bhfianaise staid reatha na himeartha, a chuir idirbheartaí an Aontais i láthair, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn breise atá déanta i dtaca le codanna de théacs dlíthiúil an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Mar sin féin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil gnéithe tábhachtacha eile a bhaineann leis an téacs sin agus atá fós le haontú. Ina measc siúd tá cur i bhfeidhm críochach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, go háirithe a mhéid a bhaineann le Giobrálтар.
2. Is mian leis an gComhairle Eorpach a chur in iúl gur údar imní di gur beag dul chun cinn atá déanta go nuige seo i dtaca le teacht ar aon fhocal faoi réiteach cúlstop d'Éirinn/Tuaisceart Éireann. Meabhraítear di na gealltanais a thug an Ríocht Aontaithe ina leith sin i mí na Nollag 2017 agus arís i Márta na bliana seo 2018; seasann sí ar an méid seo: ní mór géarú ar an dua ionas gur féidir an Comhaontú um Tharraingt Siar, gona fhorálacha maidir leis an idirthréimhse, a thabhairt chun críche a luaithe is féidir chun go dtig leis teacht i bhfeidhm ar an dáta atá leagtha amach don tarraingt siar. Meabhraítear di nach féidir leis an gcaibidliocht dul chun cinn ach fad a chomhlíontar ina n-iomláine na gealltanais a tugadh go dtí seo.
3. Ní mór géarú ar an luas freisin i dtaca le dearbhú polaitiúil a ullmhú maidir leis an gcreat don chaidreamh a bheidh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas amach anseo. Ní mór don Ríocht Aontaithe tuilleadh den soiléiriú a thabhairt, agus tograí réalaíocha, a d'fhéadfadh oibriú, a chur i láthair, i dtaca lena seasamh i dtaobh an chaidrimh sin. Is mian leis an gComhairle Eorpach athdhearbhú a dhéanamh ar na prionsabail a leag sí amach ina cuid treoirlínte agus ar an seasamh a shainigh sí i mí an Mhárta 2018. Meabhraíonn an Chomhairle go mbeadh an tAontas sásta an tairiscint a rinne sé a athbhreithniú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i dtreoirlínte an 29 Aibreán agus an 15 Nollaig 2017 agus an 23 Márta 2018, dá dtiocfadh athrú ar sheasamh na Ríochta Aontaithe.
4. Is mian leis an gComhairle a iarraidh as úire ar na Ballstáit, ar institiúidí an Aontais agus ar gach geallsealbhóir dlús a chur lena ndua maidir leis an obair ullmhúcháin, ar gach leibhéal, agus i dtaca le pé toradh a bheidh ar an bpróiseas seo.